

Ábhar

Mír Físe

Cúrsaí Léinn

An tOllamh Máirín Nic Eoin ag labhairt faoin mac léinn sa tríú bliain

Ní cursa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfáí a bhunú ar an téacs d'fhoinn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn fén.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal

Cúrsaí Léinn: An Mac Léinn sa Tríú Bliain

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil an tOllamh Máirín Nic Eoin ag cur síos ar na scileanna foghlama a mbítear ag súil leo ón mac léinn sa tríú bliain. Sula bhféachann tú ar an mír déan an réamhobair seo:

- Cad atá i gceist le ‘scileanna foghlama’ agus ‘scileanna acadúla’, dar leat? Pléigh le do pháirtí agus scríobhaigí cur síos.
- Cad a déarfá a bheadh i gceist le ‘scileanna foghlama’ sa tríú bliain? Cad a bheadh difriúil leis an gcéad agus leis an dara bliain? Pléigh le do pháirtí.
- Cad atá i gceist leis an ‘bhfoghlaim neamhspleách’, dar leat? Pléigh le do pháirtí.
- Cad atá ar eolas agat faoin siollabas teanga atá á leanúint agat mar mhac léinn tríú bliana? An bhfuil an siollabas feicthe agat? Pléigh le do pháirtí.

Éisteacht

Anois féach ar an mír fise agus freagair an cheist seo:

Cad iad na pointí forbartha a luann Máirín maidir leis an tríú bliain? Liostaigh an méid is féidir leat díobh.

Feasacht Teanga

- ‘Is dócha gur fadhb í sin’

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

that's a big problem
that's the solution of the problem
is that a problem?
that's the biggest problem I have
that's the main problem
we'll have to start tackling those problems

- ‘i gcás leabhar’

Cén Béarla a chuirfeá ar an bhfrása thusa? Cén ghné den ghrámadach atá i gceist? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na frásai seo:

in the case of articles written in French
in the case of women from Cork
in the case of a man from Cork
in the case of a disadvantaged area
in the case of disadvantaged areas

- Seo frásaí as an téipscript ach tá siad míchruinn ó thaobh litrithe nó gramadaí de. An féidir leat iad a cheartú?

go mbeidis oilte
cineál eile foghlamtha
sa gcéad bliain
níos neamhspleách
i dtreo
ina gcuid scríobhnóireachta
maidir leis an t-ábhar
sa tríú bhliain
cúrsa tríú leibhéal
bunteacsanna atá dúslánach
tuiscint níos forbairte

Iarobair

- Seo thíos nithe a luaigh Máirín. Cé chomh muiníneach is atá tú féin i mbun na nithe seo? Pléigh le do pháirtí.
 - o go mbeadh a fhios acu i gcás leabhar cá háit le hiad a fháil;
 - o go mbeidís oilte ar leabharlann a úsáid;
 - o go mbeidís oilte ar chatalóga a úsáid;
 - o [go mbeidís oilte] ar bhunachair ar líne;
 - o nuair a bheidís ag scríobh go mbeidís níos muiníní maidir lena gcuid tuairimí féin.
- Cad é an difear idir ‘bunteacsanna’ agus ‘foinsí tánaisteacha’? Tabhair samplaí ó do chúrsa.
- Cad iad na nithe breise atá foghlamtha agat faoin mbealach le déileáil leis na rudaí thíos ó thosaigh tú sa tríú bliain?
 - o tagairtí
 - o fonótáí
 - o leabharliostaí
 - o sonraí bibleagrafaíocha a chur isteach ar an mbealach coinbhinsiúnach
 - o go mbeadh an scríbhneoireacht féin oriúnach don chomhthéacs acadúil
- Seo thíos liosta de na scileanna foghlama a luaitear sa siollabas Gaeilge don tríú bliain ollscoile. An dóigh leat go bhfuil forbairt tagtha ar do chumas sna scileanna seo ó thosaigh tú sa chéad bhliain?
 - o Conas an fillteán foghlama a láimhseáil.
 - o Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí.

- o Ag úsáid foclóra.
- o Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí.
- o Ag baint leasa as na meáin.
- o Ag úsáid áiseanna tacaíochta.
- o Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt.
- o Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de.
- o Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.).
- o Eolas ar fhuaiméanna na Gaeilge agus ar na canúintí.
- Léigh an sliocht seo thíos agus déan na cleachtaí bunaithe air.

Until...the 1970s, most of language teaching methodology was teacher centered. Students entered a classroom, sat down dutifully in their desks, and waited for the teacher to tell them what to do. Those directives might have been to translate a passage, to memorize a rule, or to repeat a dialogue. Then, the profession seemed to discover the value of learner autonomy in the form of allowing learners to do things like initiate oral production, solve problems in small groups, practice language forms in pairs, and practice using the language outside of the classroom. In keeping with a popular social trend of more and more ‘self-help’ manuals for everything from weight loss to how to feel that you’re ‘okay’, the language teaching profession began to encourage learners to ‘take charge’ of their own learning, and to chart their own ‘pathways to success’... The process of developing within learners a sense of autonomy required the use (and sometimes invention) of strategies...After all, how many students enter a foreign language class knowing anything at all about the process of language learning, or about the ‘tricks of the trade’ in successfully acquiring an additional language? With the aid of research on achieving autonomy...language programs and courses increasingly emphasized to students the importance of self-starting and of taking responsibility for one’s own learning.

Principles of Language Learning and Teaching, H. Douglas Brown (Ich 130).

- o Cén taithí atá agat mar fhoghlaimeoir ar an tríú leibhéal ar na nithe seo thíos a luaitear sa sliocht:
 - initiate oral production
 - solve problems in small groups
 - practice language forms in pairs
 - practice using the language outside of the classroom
- o Cé chomh cabhrach is a bhíonn na nithe thusa duitse?
- o ‘...‘tricks of the trade’ in successfully acquiring an additional language...’
An féidir leat smaoineamh ar aon sampláí dá leithéid?
- o ‘...the importance of self-starting and of taking responsibility for one’s own learning...’
Conas a thógann tusa freagracht as do chuid foghlama féin?

Téipscript

Nuair a bhíonn an mac léinn sa tríú bliain is dóigh go mbíonn tú ag súil le cineál eile foghlama seachas an rud a bhí ar siúl acu nuair a bhí siad sa gcéad bliain, go mbeidís níos muiníní agus níos neamhspleáiche agus go mbeadh siad féin sórt eolach ar a bhfuil le déanamh, nach mbeadh an treoir chéanna ag teastáil uathu is a bhíonn sa gcéad bliain. Agus is dócha, go bunúsach, go bhfuil scileanna acadúla cleachtaithe acu ag an bpointe sin nó go bhfuil siad ag dul i dtreo sórt a bheith níos oilte ar na scileanna acadúla atá á gcleachtadh a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. Is dócha... an cur chuige go ginearálta a bheadh acu maidir leis an ábhar, go mbeifeá ag súil sa tríú bliain... arís go mbeadh siad féin in ann freagracht a ghlacadh – go mbeadh a fhios acu i gcás leabhar cá háit len iad a fháil; go mbeidís oilte ar leabharlann a úsáid; go mbeidís oilte ar chatalógaí a úsáid; ar bhunachair ar líne agus a leithéidí sin a úsáid; nuair a bheidís ag scríobh go mbeidís níos muiníní maidir lena gcuid tuairimí féin. Is dócha gur fadhb í sin a bhíonn ag mic léinn agus iad ag dul trí chúrsa tríú leibhéal – go minic nach eol dóibh go bhfuil an cead agus an ceart sin acu a gcuid tuairimí féin a nochtadh agus go mbíonn siad ag iarraidh a dhéanamh amach cad atá ag teastáil ón léachtóir. Bheifeá ag súil sa tríú bliain go mbeidís ag bogadh amach ón gcineál sin cur chuige, go mbeidís in ann tuairimí a nochtadh ach go mbeidís in ann chomh maith céanna tuairimí daoine eile a láimhseáil. Bíonn sé deacair agus dúshlánach go leor do mhic léinn ag gach leibhéal den chúrsa is dócha, a bheith ag plé le buntéacsanna atá dúshlánach, ach nuair a bheidís sa tríú bliain bheifeá ag súil go mbeadh siad in ann plé le leibhéal áirithe deacrachta, go mbeidís in ann dul ag foinsí eile chun cúnamh a thabhairt dóibh nuair a bheadh deacrachtaí acu agus go mbeidís in ann plé le foinsí tánaisteacha ansin. *So* altanna a bheadh scríofa – ag léachtóirí, ag speisialtóirí – faoi leabhar, go mbeidís in ann iad a léamh agus a gcuid féin a dhéanamh den ábhar... tuairimí daoine eile a thabhairt ina gcuid aistí féin agus é sin a dhéanamh ar an mbealach sórt coinbhinsiúnta acadúil. Is dócha, nuair atá siad sa gcéad bliain, bíonn orainn labhairt le mic léinn faoi rudaí an-bhunúsach ar nós cúrsáí bradaíola agus an difríocht idir an rud a chumann tú féin agus an rud atá scríofa ag duine éigin eile. Arís sa tríú bliain bheifeá ag súil go mbeadh tuiscint níos forbartha ag mic léinn faoi na rudaí sin agus nuair a bheadh aistí acadúla le scríobh acu ansin – agus go minic bíonn aistí fada nó aistí taighde le scríobh acu sa tríú bliain – go mbeidís in ann na tagairtí sin a dhéanamh agus na tagairtí a chur i láthair ar an mbealach a bhfuil glacadh coitianta leis i measc an aosa acadúil. Sé sin go mbeadh siad in ann déileáil le fonótáí nó le leabharliostaí, go mbeidís in ann sonraí bibleagrafaíochta a chur isteach ar an mbealach coinbhinsiúnta agus go mbeadh an scríbhneoireacht féin sórt oriúnach ansin don chomhthéacs acadúil a bheadh i gceist.